

"Tá muid anseo, tá muid anseo," arsa Doireann go sceitimíneach, ag féachaint amach ar an bhfuinneog. Stop an t-eitleán in aice leis an gcríochfort. Bhí Doireann, a deartháir mór, Tiarnán, agus a Mam agus a Daid ag dul ar saoire ar oileán Spáinneach darb ainm Tenerife. Nuair a shiúil an teaghlach amach doras an eitleáin, bhuaill an teas iad. "Sin díreach an saghas aimsire atá uaim," arsa Daid. Bhí boladh san aer freisin, boladh nach bhfaigheann tú ach amháin ar saoire i dtír the.

Ba mhian le Doireann na cuaráin agus na bríste gearra a chur uirthi láithreach - bhí sí i bhfad róthe ag caitheamh bríste géine agus bróga reatha.

Bhí ar an teaghlach fanacht sa scuaine le dul tríd an aerfort ar dtús. Bhí scuaine mór fada ann.

Bhí sé an-te agus bhí gach duine ag cur allais. Bhailigh an teaghlach na málaí go tapa agus amach leo le tacsáí a fháil go dtí an t-óstán.

Ní raibh an t-aeroiriúnú ar siúl sa tacsáí. Bhí an teaghlach go léir ag fáil bháis leis an teas. D'oscail Tiarnán an fhuinneog ach bhí an ghaoth lasmuigh te freisin. D'fhéach Doireann amach ar na tithe bána ar thaobh an bhóthair. Bhí siad chomh geal sin gur ghortaigh sé a súile féachaint orthu. Ní raibh mórán ag fás sa chré dhearg timpeall orthu mar bhí an talamh an-tirim. Bhí an tírdhreach an-difriúil le tírdhreach na hÉireann.

Nuair a shroich siad an t-óstán, chuir gach duine na héadaí snámha orthu. Chaith Mam uachtar gréine, tuáillí, spéaclaí gréine agus leabhar isteach ina mála. "Amach linn go dtí an linn snámha anois!" arsa Mam. Chuir siad na tuáillí síos ar leapacha gréine agus léim Doireann agus Tiarnán isteach sa linn snámha.

Bhí an t-uisce fuar ach mhothaigh sé go hálainn. Nuair a tháinig Doireann amach cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, chuir Mam uachtar gréine ar a droim agus ar chúl a cos. Luigh Mam siar ar a tuáille ar an leaba ghréine faoi scáth crainn, d'oscail sí a leabhar agus d'ordaigh sí deoch ón bhfreastalaí a shiúil thart. "Tá sé seo go haoibhinn," arsa Mam agus Daid le chéile.

An lá dár gcionn, bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch arís. Chuaigh an teaghlach síos go dtí an trá an chéad rud ar maidin sular éirigh an ghrian róláidir. Cheannaigh siad cupla scáth gréine agus leaba aeir do Dhoireann ar an mbealach. Rith Doireann agus Tiarnán díreach isteach san fharraige. Bhí sí éadomhain agus dath álainn gorm geal uirthi. Bhí an-spraoi ag an mbeirt acu san uisce.

Ag meán lae, bhí sé ag éirí an-te. Ba bheag nár dhóigh Doireann a boinn ag siúl ar an ngaineamh. Léim sí ó chos go cos ar a bealach ar ais ón uisce. Shocraigh an teaghlach an trá a fhágáil ionas nach mbeadh siad dóite agus chuaigh siad le haghaidh lóin, le sos a ghlacadh ón teas. "Nach bhfuil sé iontach go mbíonn an ghrian ag spalpadh gach uile lá. Samhlaigh dá mbeadh sé mar seo sa bhaile!" arsa Doireann.



Ceisteanna:


1. Cá ndeachaigh an teaghlach ar saoire?
2. Cén fáth a raibh Doireann ag iarraidh a cuid éadaí a athrú?
3. Céard a tharla nuair a d'oscail Tiarnán fuinneog an tacsáí?
4. Céard a rinne Mam in aice leis an linn snámha?
5. Cá ndeachaigh an teaghlach an lá dár gcionn?

Ceisteanna breise:

1. Cén fáth a raibh an chré dearg agus tirim meas tú?
2. Ar bhain an teaghlach taitneamh as an turas go dtí an t-óstán?
3. An fearr leatsa suí faoin ngrian nó suí faoi scáth nuair a bhíonn tú ar saoire in áit the? Cén fáth?
4. Céard a bhí ar siúl ag Daidí, meas tú?
5. Cén fáth ar ghlac an teaghlach sos ag meán lae?

Smaoinigh:

1. Céard iad na rudaí is féidir leat a dhéanamh ar saoire in áit the, nach féidir leat a dhéanamh anseo in Éirinn?
2. An fearr leatsa dul ar saoire chuig áit the nó áit fhuar? Cén fáth?
3. Conas a chaith an teaghlach an chuid eile den saoire, meas tú?



Céard atá in easnamh?

1. Nuair a shiúil an teaghlach amach doras an eitleáin, bhuail an _____ iad.
2. Bhí sé an-te agus bhí gach duine ag cur _____.
3. Bhí siad chomh _____ sin gur ghortaigh sé a súile féachaint orthu.
4. Chaith Mam uachtar _____, tuáillí, spéaclaí gréine agus leabhar isteach ina mála.
5. Bhí an t-uisce _____ ach mhothaigh sé go hálainn.
6. Chuaigh an teaghlach síos go dtí an trá an chéad rud ar maidin sular éirigh an ghrian _____.
7. Ba bheag nár _____ Doireann a boinn ag siúl ar an ngaineamh.
8. "Nach bhfuil sé iontach go mbíonn an ghrian ag _____ gach uile lá."